



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Eanáir 2022
(OR. en)

5152/22

LIMITE

AGRI 4
AGRIORG 2
WTO 4

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	An Chomhairle
Ábhar:	Saincheisteanna talmhaíochta a bhaineann le trádáil - <i>Malartú tuairimí</i>

Ag féachaint don chruinniú a bheidh ag an gComhairle "Talmhaíocht agus Iascach" an 17 Eanáir 2022, gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo páipéar cúlra chun cabhrú leo agus iad ag ullmhú don phlé ar an bpointe thuasluaite.

Saincheisteanna talmhaíochta a bhaineann le trádáil

1. **Seasca bliain** tar éis chur chun feidhme an Chomhbheartais Talmhaíochta (CBT) den chéad uair, is é an tAontas Eorpach an t-onnmhaireoir táirgí agraibhia is mó ar domhan agus an tríú hallmhaireoir is mó de na táirgí sin. Is léir go bhfuil nasc idir an rath sin agus CBT, lena dtacaítear le hiomaíochas agus le nuálaíocht, agus le táirgí sábháilte, cothaitheacha, ardcháilíochta a tháirgeadh ar bhonn inbhuanaithe, agus ag an am céanna, á oiriúnú féin i gcónaí chun é sin a bhaint amach ar an gcostas is lú is féidir agus ar an mbealach is lú saobhadh trádála, ag éascú don Aontas, ar an mbealach sin, cloí le gealltanais idirnáisiúnta um fhorbairt amhail Scéim na bhFabhar Ginearálaithe (GSP) agus na tionscnaimh "rud ar bith seachas airm".
2. Leis an méid atá bainte amach trí CBT, i dteannta láimhseáil rathúil dúshlán a bhí ann le déanaí a bhain le paindéim COVID maidir le hinfhaighteacht bia a áirithiú do thomhaltóirí Eorpacha, léiríodh arís, go sonrath má bhreathnaítear air i gcomhthéacs an athchóirithe ar CBT a glacadh le déanaí agus an ráitis chomhpháirtigh a ghlac Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún faoi chuimsiú an chomhaontaithe maidir le hathchóiriú (14190/21 ADD 1), ról comhlántach tábhachtach Chomhairle AGRI/FISH agus a comhlachtaí ullmhúcháin maidir le beartas trádála an Aontais a cheapadh i ndáil le saincheisteanna lena ndéantar difear do na hearnálacha atá faoina hinniúlacht. Is fíor sin go háirithe a mhéid a bhaineann le réitigh bua/bua a chur chun cinn do na geallsealbhóirí uile agus, ag am céanna, ag cloí le príomhthosaíochtaí na slándála bia, na forbartha inbhuanaithe agus chomhrac an athraithe aeráide, ag tacú ag an am céanna - seachas iad a chur i mbaol - le gealltanais idirnáisiúnta agus tionscnaimh bheartais an Aontais, go háirithe maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe.
3. Maidir leis sin, chuir Comhairle AGRI/FISH i bhfios go láidir arís agus arís eile, cé go bhfuil sé tábhachtach go gcomhlíonfar gealltanais an Aontais faoin gcóras idirnáisiúnta rialacha-bhunaithe agus i leith tíortha comhpháirtíochta, go bhfuil sé chomh tábhachtach céanna iomaíochas earnáil na talmhaíochta a choimirciú ar bhearta cosantacha a eascraíonn as díospóidí trádála nó as cinntí eile beartais eachtraigh agus trína áirithiú go gcomhlíonann táirgí talmhaíochta allmhairithe na caighdeáin Eorpacha.

4. Is le linn an tseisiúin a bhí aici i mí na Samhna 2021 a cuireadh Comhairle AGRI/FISH ar an eolas go deireanach maidir leis na forbairtí is déanaí i saincheisteanna talmhaíochta a bhaineann le trádáil. Is fiú na forbairtí seo a leanas a lua agus, ag an am céanna, na seanchinn a achoimriú.

5. Táthar ag leanúint den chaibidlíocht maidir leis an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar an 12ú Comhdháil Aireachta de chuid **EDT** tar éis dó a bheith curtha ar athló i mí na Samhna seo caite. Is iad na ceithre phríomh-shaincheist a bheidh le plé an Trádáil agus an tSláinte, Fóirdheontais Iascaigh, athchóiriú institiúideach ar EDT, agus Talmhaíocht. Níl dáta nua socraithe go fóill, cé gur iarr an India go n-eagrófaí Comhdháil fhíorúil Aireachta chun dul i ngleic le freagairt na hEagraíochta Domhanda Trádála ar an bpaindéim atá ann faoi láthair, go háirithe an chuid sin di a bhaineann le Maoin Intleachtúil (Trádáil agus Sláinte). Maidir leis an gcuid sin den 12ú Comhdháil a bhaineann le talmhaíocht, táthar chun plé a dhéanamh fós ar na saincheisteanna ar fad a bhí le plé i mí na Samhna, lena n-áirítear feabhsuithe trédhearcachta, tacaíocht intíre, iomaíocht/srianta maidir le honnmhairiú, stocshealbhaíocht phoiblí, agus rochtain ar an margadh. Mar sin féin, i bhfianaise na ndifríochnaí suntasacha i seasaimh chomhaltaí EDT, is é fós an rud is dóchúla a bhainfear amach ag an 12ú Comhdháil Aireachta ná sraith de chláir oibre, a threoródh caibidlíocht amach anseo gan dochar do thorthaí. D'fhéadfadh feabhsuithe trédhearcachta a bheith mar chuid den toradh sin, in éineacht le comhaontú maidir le gné de shrianta ar onnmhairiú (togra an Chláir Dhomhanda Bia go bunúsach), cláir oibre maidir le tacaíocht intíre saofa trádála, agus maidir le rochtain ar an margadh b'fhéidir, agus maidir le saincheist na stocshealbhaíochta poiblí. D'fhéadfadh torthaí rathúla a bheith ann ach níl sin cinnte, go príomha mar gheall ar sheasaimh éagsúla a bheith ag comhaltaí áirithe de EDS. Leanfaidh an tAontas de bheith i dteagmháil ar bhonn cuiditheach le comhaltaí eile den Eagraíocht Dhomhanda Trádála d'fhonn cur leis an dul chun cinn atá déanta agus d'fhonn cúlú sa chaibidlíocht a sheachaint. Cé gur cuireadh an 12ú Comhdháil Aireachta ar athló, seoladh sraith de thionscnaimh iltaobhacha de chuid EDT an 15 Nollaig 2021, lena n-áirítear trí thionscnamh maidir le hInbhuanaitheacht Trádála agus Comhshaoil inar gheall an tAontas Eorpach ról na trádála a mhéadú i gcomhrac an athraithe aeráide agus chun an comhshaoil a chosaint. Is bainteach leis an iarracht sin atá glao Valdis Dombrovskis, atá ina Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin den Choimisiún, go mbunófaí comhghuaillíocht idirnáisiúnta airí trádála chun an trádáil in earraí agus seirbhísí glasa a chur chun cinn agus go dtionólfá cruinniú aireachta in 2022 a bheidh dírithe ar an trádáil, ar an aeráid agus ar an inbhuanaitheacht.

6. Maidir le **cionroinnt tharaif-chuóta na hEagraíochta Domhanda Trádála** idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe tar éis *Brexit*, tugadh comhaontú leis an Astráil chun críche agus síníodh é an 4 Deireadh Fómhair 2021. Cuireadh inisealacha leis an gComhaontú leis an Nua-Shéalainn freisin díreach roimh Nollaig agus cuirfear faoi bhráid na Comhairle é lena fhorpheas go foirmiúil. Ní raibh aon fhorbairtí nithiúla eile maidir leis an ábhar seo.
7. Maidir leis an gcaidreamh déthaobhach agus an gcaibidlíocht dhéthaobhach, tar éis an toraidh a bhí ar an gComhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir na Stát Aontaithe agus an tAontas agus ar chruinniú G20 i bhFlórans, síníodh socrú riaracháin ar an leibhéal teicniúil le haghaidh comhar idir DG AGRI agus USDA chun iarrachtaí comhoibríocha agus comhoibritheacha a fhorbairt le haghaidh eolas agus faisnéis a mhalartú agus chun comthuisicint a chur chun cinn maidir leis na dúshlán dhomhanda talmhaíochta atá os ár gcomhair araon. Leis an socrú sin, comhlánaítear idirphléití le comhpháirtithe móra eile amhail an tSín, an tSeapáin, Ceanada agus tíortha eile, a dtionólfar iad uile in 2022.
8. Maidir leis an gComhaontú Saorthrádála, tá dul chun cinn maith á dhéanamh sa chaibidlíocht leis an **Nua-Shéalainn**, agus é a bheith d'aidhm go dtabharfar i gcrích í a luaithe is féidir, ach níor cuireadh bailchríoch uirthi go fóill. Chuir COM in iúl gur gá roinnt lamháltas breise, cé gur lamháltas bheaga iad, a dhéanamh – trí tharaif-chuótaí – maidir le rochtain táirgí déiríochta agus mairteola ar an margadh ar choinníoll go nglacfar le seasaimh dhiongbháilte eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear na hiarrataí is déanaí ó na Ballstáit maidir le tásca geografacha. Bheadh sé sin mar chuid den iarracht chun comhaontú deiridh a bhaint amach nuair a bheidh deireadh ag teacht leis an gcaibidlíocht, deireadh a mheastar a bheidh ann níos déanaí in 2022. Meastar go gcuimseofar sa Chomhaontú leis an Nua Shéalainn forálacha úrscothacha maidir le forbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear tagairt do ghealltanais Pháras maidir leis an athrú aeráide, maidir le córais bhia agus maidir le leas ainmhithe mar ghnéithe riachtanacha den Chomhaontú, agus aird á tabhairt ar an toradh a bhí ar an athbhreithniú leanúnach ón gCoimisiún ar an bplean gníomhaíochta 15 pointe maidir le caibidlí de chuid comhaontuithe saorthrádála i ndáil le Forbairt Inbhuanaithe atá le tabhairt chun críche i mí an Mheithimh.
9. Rinneadh, sa chaibidlíocht leis an tSile, atá díreach tugtha chun críche ar an leibhéal teicniúil, clásal athbhreithnithe a chuimsiú, bunaithe ar an athbhreithniú ar an bplean gníomhaíochta 15 pointe maidir le forbairt inbhuanaithe agus ar chur chun feidhme Chomhaontú Pháras. Maidir leis na forálacha a comhaontaíodh i ndáil le rochtain ar an margadh talmhaíochta agus tásca geografacha sa Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSile, chuir an Coimisiún i láthair na mBallstát iad ag cruinnithe teicniúla ad hoc ag deireadh 2021.

10. Seachas an méid sin, cuirfear tús arís, go luath sa bhliain 2022, leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú saorthrádála leis **an India** bunaithe ar shainordú caibidlíochta reatha na Comhairle (a d'fhéadfaí a athbhreithniú tar éis treoir pholaitiúil ábhartha), mar aon le caibidlíocht neamhspleách maidir le comhaontú ar thásca geografacha. Mar sin féin, ní dhearnadh aon dul chun cinn cinntitheach le déanaí sa chaibidlíocht leis an Indinéis agus níl an chaibidlíocht leis **an Astráil** ach ag dul ar aghaidh go mall: beidh babhta eile ann san Earrach. Is ar feitheamh atá formheas na Comhairle ar thorthaí na caibidlíochta maidir le Comhaontú Saorthrádála **Mheicsiceo** agus **Mercosur**.
11. Maidir le roinnt ceisteanna déthaobhacha i ndáil le rochtain ar an margadh, tá COM fós ag cur brú ar an Rúis soiléiriú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm a reachtaíochta nua maidir le lipéadú fíona ionas nach n-imreofaí tionchar ar thásca geografacha an Aontais, lena n-áirítear "Champagne", ar mhargadh na Rúise. Tá toirmeasc i bhfeidhm ag an Rúis fós ar líon mór táirgí talmhaíochta Eorpacha. Ina theannta sin, iarrfaidh COM comhairliúcháin leis an Rúis i gcomhthéacs réiteach díospóide EDT maidir le taraif-chuótaí d'adhmaid, tar éis don Rúis iad a bhaint *de facto* le déanaí, rud a d'fhág gur méadaíodh ar na dleachtanna onnmhairiúcháin ar adhmaid a chuirtear i bhfeidhm ar an Aontas. Ón 1 Eanáir 2022, tá toirmeasc tugtha isteach ag **údaráis na Bealarúise** ar onnmhairí talmhaíochta áirithe de chuid an Aontais, rud a chuireann srian breise, go hindíreach, leis an rochtain ar mhargadh na Rúise, i bhfianaise go gcuirtear roinnt táirgí talmhaíochta Eorpacha chuig an Rúis tríd an mBealarúis tar éis thoirmeasc 2014.
12. Idir an dá linn, tá onnmhairithe agraibhia an Aontais go dtí an Ríocht Aontaithe ar ais go dtí an leibhéal céanna agus a bhí ann roimh Brexit, cé nach amhlaidh atá i gcás allmhairí an Aontais ón Ríocht Aontaithe. Beidh le feiceáil cén tionchar a bheidh ag an nós imeachta nua custaim a tugadh isteach le déanaí maidir le honnmhairí an Aontais chuig an Ríocht Aontaithe, nó a bheidh ar chur i bhfeidhm rialuithe iomlána sláintíochta agus fiteashláintíochta in 2022 agus comhaontuithe na Ríochta Aontaithe le comhpháirtithe trádála eile amhail an Astráil agus an Nua-Shéalainn, lena gcuimsítear lamháltais shuntasacha rochtana ar mhargadh na Ríochta Aontaithe do tháirgí talmhaíochta na dtíortha sin. Ag an am céanna, tá dianchainteanna ar bun ag COM leis an Ríocht Aontaithe i gcónaí chun go sainaitheofar réitigh fhadtéarmacha a chomhaontófar go comhpháirteach i ndáil le cur chun feidhme an Phrótacail maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann, gan dul i mbun na athchaibidlíochta, áfach, maidir le forálacha an Phrótacail sin agus gan príomhaidhm pholaitiúil an Phrótacail a chur i mbaol. Cuireadh tús freisin leis an gcaibidlíocht leis an Ríocht Aontaithe maidir leis an gcaidreamh le Giobráltar.

13. Mar fhocal scoir, tá obair ar bun i gcónaí sa Choimisiún ar an tuarascáil a d'iarr an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa faoi chuimsiú na caibidlíochta maidir le glacadh na dtograí le haghaidh athchóiriú ar CBT, ar mheasúnú ar 'an réasúnacht agus an indéantacht dhlíthiúil maidir le caighdeáin sláinte agus chomhshaoil an Aontais (lena n-áirítear caighdeáin leasa ainmhithe chomh maith le próisis agus modhanna táirgthe) a chur i bhfeidhm maidir le táirgí talmhaíochta agus agraibhia allmhairithe, chomh maith le tionscnaimh nithiúla a shainaithint chun comhsheasmhacht níos fearr a áirithiú maidir lena gcur i bhfeidhm i gcomhréir le rialacha EDT'. Chuir COM in iúl go bhfuil sé réidh chun roinnt réamhthorthaí a thíolacadh le linn na chéad trí mhí d'Uachtaránacht na Fraince. Ba cheart go mbeadh an tuarascáil deiridh réidh i mí an Mheithimh.

Focal scoir

14. I bhfianaise na bhforbairtí sin, ba thráthúil don Chomhairle é, tráth an chéad chruinnithe a bheidh aici in 2022, plé a sheoladh ar threo chaidreamh trádála an Aontais le tríú tíortha i ndáil leis an talmhaíocht, ar an leibhéal déthaobhach agus iltaobhach.
15. I bhfianaise ghlacadh an athchóirithe ar an gComhbheartas Talmhaíochta le déanaí, lena ngabhann dintiúir inbhuanaitheachta agus chomhshaoil atá feabhsaithe go mór, d'fhéadfadh na hAirí leas a bhaint as an deis seo chun trácht a dhéanamh ar staid na himeartha i gcaibidlíocht dhéthaobhach agus iltaobhach agus i ndáil le tionscnaimh eile de chuid an Aontais, go háirithe maidir le Clár Oibre 2030 agus forbairt inbhuanaithe idirnáisiúnta a chur chun cinn a thuilleadh agus, ag an am céanna, gan táirgeoirí Eorpacha a chur faoi mhíbhuntáiste comparáideach, agus an tsamhail Eorpach táirgeachta a chur chun cinn, agus an rath a bhaineann le CBT á onnmhairiú ar an mbealach sin.